Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10712/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0203 (NLE)**

**AVIATION 148**
**ICAO 35**
**RELEX 895**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6, Cuid I, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6, Cuid I, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais ('na Stáit chonarthacha') agus is comhaltaí de chuid ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe ICAO. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát i gComhairle ICAO faoi láthair.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('na hIarscríbhinní').

(4) De bhun Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tá éifeacht le bheith ag aon Iarscríbhinn nó aon leasú ar Iarscríbhinn den sórt sin laistigh de thrí mhí tar éis í nó é a thíolacadh do Stáit chonarthacha, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach de Stáit chonarthacha a mhíshástacht le Comhairle ICAO idir an dá linn.

(5) Tá Comhairle ICAO, ag an 226ú seisiún dá cuid, chun Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6, Cuid I, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('Leasú 48') a ghlacadh.

(6) Is é príomhchuspóir Leasú 48 dáta infheidhmeachta Iarscríbhinn 6, Chuid I, chaighdeán 6.18.1 a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2025.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 226ú seisiún de chuid Chomhairle ICAO maidir le Leasú 48 a bhunú. Is é an seasamh sin gur cheart tacaíocht a thabhairt do Leasú 48, agus is seasamh é atá le cur in iúl ag na Ballstáit den Aontas ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais.

(8) Tar éis do Chomhairle ICAO Leasú 48 a ghlacadh, rud atá le fógairt ag Ard-Rúnaí ICAO trí bhíthin nós imeachta litreach Stáit ICAO, ba cheart gurb é seasamh an Aontais gan míshástacht a chlárú, ar choinníoll go nglacfar Leasú 48 gan aon athruithe substaintiúla,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 226ú seisiún de Chomhairle ICAO, nó ag aon seisiún ina dhiaidh sin, tacú le Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6, Cuid I, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Leasú 48') ina iomláine.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle ICAO Leasú 48 gan aon athruithe substaintiúla, gan míshástacht a chlárú maidir le Leasú 48 a glacadh mar fhreagra ar litreacha Stáit ICAO ábhartha.

*Airteagal 2*

1. Is iad Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. Cuirfidh na Ballstáit uile, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*